



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/709 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Márta 2026

lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1890 ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun allmhairí feisteas teilgthe feadáin nó píobáin neamhsnáithithe d'iarann teilgthe intuargainte de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a chumhdach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾ ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 13 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh cheana agus na bearta atá i bhfeidhm

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 430/2013 ⁽²⁾, d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí feisteas teilgthe feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus, cé is moite de bhunpháirteanna feisteas comhbhrú ina n-úsáidtear snáithe méadrach ISO DIN 13 agus comhchumair chiorclacha shnáithithe d'iarann intuargainte gan claibín a bheith orthu, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 7307 19 10 (cód TARIC 7307 19 10 10) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') agus na Téalainne ('an t-imscrúdú bunaidh').
- (2) Bhí an dleacht, agus é bunaithe ar dheireadh a chur leis an leibhéal dumpála, idir 14,9 % agus 57,8 %.
- (3) An 12 Meitheamh 2013, thaisc táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne, Jinan Meide Castings Co., Ltd. ('Jinan Meide') iarratas ag Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh lenar iarradh Rialachán (AE) Uimh. 430/2013 a neamhniú a mhéid a raibh feidhm aige maidir leis. Sa bhreithiúnas uaithi an 30 Meitheamh 2016, chinn an Chúirt Ghinearálta gur sáraíodh cearta cosanta Jinan Meide agus neamhnigh sí an Rialachán faoi chonspóid a mhéid a d'fhorchuir sé dleacht frithdhumpála ar allmhairí feisteas teilgthe feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte arna monarú ag Jinan Meide.
- (4) Tar éis an bhreithiúnais thuasluaite, le fógra uaidh an 28 Deireadh Fómhair 2016 ⁽³⁾, chuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') tús arís leis an imscrúdú frithdhumpála a bhaineann le feistis theilgthe feadáin nó píobáin shnáithithe d'iarann teilgthe intuargainte arna monarú ag Jinan Meide.
- (5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1146 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, d'ath-fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach 39,2 % ar allmhairí feisteas teilgthe feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte de thionscnamh na Síne arna monarú ag Jinan Meide.

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 430/2013 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a fhorchuirtear ar allmhairí feisteas teilgthe feadán nó píopaí snáithithe, as iarann teilgthe intuargainte, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne agus an imeacht maidir leis an Indinéis a fhoirceannadh (IO L 129, 14.5.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/430/oj).

⁽³⁾ IO C 398, 28.10.2016, lch. 57.

⁽⁴⁾ IO L 166, 29.6.2017, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1146/oj.

- (6) An 25 Samhain 2015, thionscain an Coimisiún páirt-athbhreithniú eatramhach tar éis iarraidh a fháil ó Metpro Limited, maidir le cineálacha áirithe feisteas teilgthe feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte de thionscnamh na Síne agus na Téalainne d'fhonn a chinneadh ar tháinig siad faoi raon feidhme na mbeart frithdhumpála is infheidhme. D'fhoirceann an Coimisiún an páirt-athbhreithniú eatramhach sin an 18 Iúil 2016 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1176 ⁽⁷⁾, tar éis don iarratasóir an iarraidh a aistarraingt.
- (7) An 23 Bealtaine 2017, thionscain an Coimisiún páirt-athbhreithniú eatramhach tar éis iarraidh a fháil ó Hebei Yulong Casting Co., Ltd, maidir le cineálacha áirithe feisteas teilgthe feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte de thionscnamh na Síne agus na Téalainne chun a chinneadh ar tháinig siad faoi raon feidhme na mbeart frithdhumpála is infheidhme. Chuir an Coimisiún deireadh leis an bpáirt-athbhreithniú eatramhach sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/52 ⁽⁸⁾ tar éis don iarratasóir a iarraidh a tharraingt siar.
- (8) An 12 Iúil 2018, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ⁽⁹⁾ nach gcomhfhreagraíonn feistis atá déanta as iarann teilgthe graifíte sféaróidí (ar a dtugtar iarann teilgthe insíte freisin) do choincheap an 'iarainn theilgthe intuargainte' mar a shainmhínítear faoi fho-cheannteideal AC 7307 19 10. Ba é conclúid na Cúirte nach mór feistis atá déanta as iarann teilgthe graifíte sféaróidí a aicmiú faoin bhfo-cheannteideal AC iarmharach 7307 19 90 (mar earraí eile d'iarann eile).
- (9) An 14 Feabhra 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún Rialachán (AE) 2019/262 ⁽⁸⁾ lenar leasaíodh na tagairtí do chóid TARIC chun iad a ailíniú le conclúidí na Cúirte. Ós rud é go bhforchuirtear bearta frithdhumpála de réir an tsainmhíne ar an táirge gan beann ar an aicmiú taraife, ní raibh aon tionchar ag an leasú sin ar raon táirgí na mbeart atá i bhfeidhm faoi láthair.
- (10) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1259 ón gCoimisiún ⁽⁹⁾, d'ath-fhorchuir an Coimisiún na bearta frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí feisteas teilgthe feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne tar éis athbhreithniú éaga.
- (11) Rinne Jinan Meide agóid i gcoinne Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1146 os comhair na Cúirte Ginearálta. An 20 Meán Fómhair 2019, d'eisigh an Chúirt Ghinearálta a breithiúnas i gcás T-650/17 ⁽¹⁰⁾ maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1146.
- (12) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1210 ón gCoimisiún ⁽¹¹⁾, d'ath-fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach 36,0 % ar allmhairí feisteas teilgthe feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte de thionscnamh na Síne arna monarú ag Jinan Meide.

⁽⁷⁾ IO L 193, 19.7.2016, lch. 115, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2016/1176/oj.

⁽⁸⁾ IO L 7, 12.1.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/52/oj.

⁽⁹⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 12 Iúil 2018, Profit Europe NV v Belgische Staat, C-397/17 agus C-398/17, EU:C:2018:564.

⁽⁸⁾ IO L 44, 15.2.2019, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/262/oj.

⁽⁹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1259 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 197, 25.7.2019, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1259/oj).

⁽¹⁰⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (an Cúigiú Dlísheomra) an 20 Meán Fómhair 2019, Jinan Meide Casting Co. Ltd v an Coimisiún Eorpach, T-650/17, ECLI:EU:T:2019:644.

⁽¹¹⁾ IO L 274, 21.8.2020, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1210/oj.

- (13) An 19 Eanáir 2023 ⁽¹²⁾ chruthaigh an Coimisiún cóid bhreise TARIC i ndáil le feistis teilgthe feadáin nó píobáin neamhshnáithithe chun faireachán a dhéanamh ar shreafa trádála tar éis do Jinan Meide an táirgeoir Polannach Odlewnia Zawiercie ('OZ') a éadail.
- (14) An 18 Samhain 2022, thionscain an Coimisiún páirt-athbhreithniú eatramhach ⁽¹³⁾ ar iarraidh ó allmhaireoir san Aontas, KW Tools B.V, a d'iarr gur cheart táirgí insínte áirithe d'iarann snáithithe a eisiamh ón raon táirgí.
- (15) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2202 ⁽¹⁴⁾ ón gCoimisiún, ghlac an Coimisiún leis na táirgí seo a leanas a eisiamh ó raon feidhme na mbeart frithdhumpála:
- tionsa clampaí d'iarann insínte a bhfuil séalú rubair agus poll asraoin orthu;
 - barrchaidheanna eitrithe d'iarann insínte lena n-úsáid ar phíobán cruach eitrithe a bhfuil asraon snáithithe air;
 - laghdaitheoirí eitrithe d'iarann insínte a bhfuil ceann snáithithe orthu;
 - tionsa laghdaitheoirí eitrithe d'iarann insínte a bhfuil asraon snáithithe orthu; agus
 - diallaití crotánachta d'iarann insínte gan asraonta snáithithe a úsáidtear chun poll a shéalú i bhfeadán nó i bpíobán.
- (16) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1890 ón gCoimisiún ⁽¹⁵⁾, d'ath-fhorchuir an Coimisiún na bearta frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí feisteas teilgthe feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifite sféaróidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne tar éis athbhreithniú éaga ('an t-athbhreithniú éaga deireanach').
- (17) Tá na dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair idir 24,6 % agus 57,8 % ar allmhairí ón tSín agus idir 14,9 % agus 15,5 % ar allmhairí ón Téalainn.

1.2. Iarraidh

- (18) Fuair an Coimisiún iarraidh faoi Airteagal 13(3) agus Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, chun imscrúdú a dhéanamh ar teacht timpeall féideartha na mbeart frithdhumpála a fhorchuirtear ar allmhairí feisteas teilgthe feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte de thionscnamh na Síne.
- (19) Is é Coiste Cosanta Ad Hoc an Aontais Eorpaigh maidir le Feistis Feadáin nó Píobáin d'Iarann Teilgthe Intuargainte a chuir an iarraidh isteach an 2 Meitheamh 2025 ('na-hiarratasóir').
- (20) Bhí fianaise leordhóthanach san iarraidh gur tháinig athrú ar an bpatrún trádála a bhaineann le honnmhairí ón tSín go dtí an tAontas, ar athrú é a thosaigh i ndiaidh fhorchur na mbeart bunaidh. Bhí fianaise san iarraidh, ag leibhéal áirithe, gur cuireadh onnmhairí feisteas feadáin agus píobáin neamhshnáithithe d'iarann teilgthe intuargainte in ionad onnmhairí feisteas feadáin agus píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte ón tSín.

⁽¹²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/131 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1259 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifite sféaróidí, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne, agus lena gcuirtear allmhairí feisteas feadáin nó píobáin teilgthe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir faireacháin (IO L 17, 19.1.2023, lch. 84, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/131/oj).

⁽¹³⁾ IO C 438, 18.11.2022, lch. 7.

⁽¹⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2202 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1259 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifite sféaróidí, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne (IO L, 2023/2202, 17.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2202/oj).

⁽¹⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1890 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifite sféaróidí, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/1890, 19.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1890/oj).

- (21) De réir na hiarrata, is chosúil gur eascair an t-athrú sin as cleachtas, is é sin an oibríocht cóimeála agus/nó an oibríocht bailchríochnaithe faoi Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán le haghaidh páirteanna Síneacha san Aontas agus díol na dtáirgí críochnaithe comhchosúla ina dhiaidh sin nach raibh údar maith leordhóthanach ná bonn cirt eacnamaíoch leis, seachas forchur na dleachta. Is é atá san oibríocht bailchríochnaithe snáithiú na bpáirteanna neamhshnáithithe a allmhairíodh. Léiríodh san fhianaise gur tháinig méadú nach beag ar na hoibríochtaí sin ón tráth ar cuireadh na bearta frithdhumpála i bhfeidhm.
- (22) Bhí fianaise leordhóthanach san iarraidh freisin a léirigh go raibh na páirteanna ón tSín os cionn 60 % de luach iomlán pháirteanna an táirge chríochnaithe agus go raibh an breisluach a cuireadh leis na páirteanna a tugadh isteach le linn na hoibríochta bailchríochnaithe níos ísle ná 25 % den chostas monaraíochta.
- (23) Thairis sin, léirigh an fhianaise go raibh dumpáil ann agus go raibh an bonn á bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart frithdhumpála bunaidh i dtéarmaí cainníochta agus praghsanna araon.

1.3. Tionscnamh

- (24) Tar éis don Choimisiún an méid sin a chinneadh, agus tar éis dó na Ballstáit a chur ar an eolas, go raibh fianaise leordhóthanach ann chun imscrúdú a thionscnamh faoi Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán, thionscain sé an t-imscrúdú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1448 ón gCoimisiún ⁽¹⁶⁾ (an Rialachán tionscnaimh) agus chuir sé allmhairí feisteas feadáin agus píobáin neamhshnáithithe d'iarann teilgte intuargainte faoi réir a gcláraithe.

1.4. Tréimhse imscrúdúcháin agus tréimhse thuairiscithe

- (25) Leis an tréimhse imscrúdúcháin cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2025 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Bailíodh sonraí ar feadh na tréimhse imscrúdúcháin chun imscrúdú a dhéanamh ar an athrú líomhnaithe ar an bpatrún trádála tar éis fhorchur na mbeart bunaidh, agus chun féachaint arbh ann do chleachtas, próiseas nó obair nach raibh údar maith leordhóthanach ná bonn cirt eacnamaíoch leis seachas forchur na dleachta.
- (26) Bailíodh sonraí níos mionsonraithe ar feadh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 ('an tréimhse thuairiscíúcháin') le cinntiú an raibh an bonn á bhaint d'éifeacht cheartaitheach na mbeart atá i bhfeidhm ag allmhairí i dtéarmaí praghsanna agus/nó cainníochtaí agus le cinntiú arbh ann don dumpáil.

1.5. Imscrúdú

- (27) Chuir an Coimisiún in iúl go hoifigiúil do gach allmhaireoir, onnmhaireoir agus úsáideoir chomh maith le Misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach gur tionscnaíodh an t-imscrúdú.
- (28) Cuireadh foirm éilimh ar dhíolúine le haghaidh allmhaireoirí san Aontas agus ceistneoir le haghaidh na dtáirgeoirí/na n-onnmhaireoirí sa tSín ar fáil ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um an Trádáil.
- (29) Chuir sé cinn d'allmhaireoirí foirm éilimh isteach le tabhairt le fios nach raibh siad ag teacht timpeall ar na bearta atá i bhfeidhm. Fuarthas ceistneoirí onnmhaireora ar ais ó thrí chuideachta sa tSín.
- (30) Tugadh an deis do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus éisteacht a iarraidh laistigh den teorainn ama a leagtar amach sa Rialachán tionscnaimh. Cuireadh na páirtithe uile ar an eolas go bhféadfaí Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm mura gcuirfí an fhaisnéis ábhartha uile isteach nó dá gcuirfí faisnéis neamhiomlán, bhréagach nó mhíthreorach isteach agus go bhféadfaí, dá bhrí sin, na torthaí a bhunú ar na fíoraí atá ar fáil.

⁽¹⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1448 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2025 lena dtionscnaítear imscrúdú a bhaineann le himchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1259 ar allmhairí feisteas feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgte intuargainte de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne trí allmhairí feisteas teilgte feadáin nó píobáin neamhshnáithithe d'iarann teilgte intuargainte de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe (IO L, 2025/1448, 16.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1448/oj).

2. AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ

- (31) Is é an táirge lena mbaineann an teacht timpeall féideartha feistis feadáin nó píobáin shnáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí, cé is moite de na nithe seo a leanas
- bunpháirteanna feisteas comhbhrú ina n-úsáidtear snáithithe méadrach ISO DIN 13;
 - comhchumair chiorclacha shnáithithe d'iarann intuargainte gan claibín orthu;
 - tionsa clampaí d'iarann insínte a bhfuil séalú rubair agus poll asraoin orthu;
 - barrchaidhpeanna eitrithe d'iarann insínte lena n-úsáid ar phíobán cruach eitrithe a bhfuil asraon snáithithe air;
 - laghdaitheoirí eitrithe d'iarann insínte a bhfuil ceann snáithithe orthu;
 - tionsa laghdaitheoirí eitrithe d'iarann insínte a bhfuil asraon snáithithe orthu; agus
 - diallaití crotánachta d'iarann insínte gan asraonta snáithithe a úsáidtear chun poll a shéalú i bhfeadán nó i bpíobán.
- (32) Aicmítear an táirge lena mbaineann faoi chód AC ex 7307 19 10 (cód TARIC 7307 19 10 10 agus 7307 19 10 20) is de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne ('an táirge lena mbaineann' nó 'MTF') é. Is é sin an táirge a bhfuil feidhm ag na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair maidir leis.
- (33) Maidir leis na táirgí snáithithe a eisiatar ón raon táirgí mar a leagtar amach in aithris (31) thuas, aicmítear iad faoi láthair faoi chód AC ex 7307 19 10 (cód TARIC 7307 19 10 03 agus 7307 19 10 05 i gcás iarann teilgthe intuargainte agus cóid TARIC 7307 19 10 13 agus 7307 19 10 15 i gcás iarann teilgthe graifíte sféaróidí).
- (34) Le linn an imscrúdaithe thug an Coimisiún dá aire go n-aicmítear comhchumair chiorclacha shnáithithe d'iarann intuargainte gan claibín orthu faoi chód TARIC 7307 19 10 05 agus 7307 19 10 15 araon. Ba mhaith leis an gCoimisiún a shoiléiriú gur chóir gach comhchumar ciorclach snáithithe d'iarann intuargainte gan claibín a aicmiú faoi chód TARIC 7307 19 10 05.
- (35) Is é an táirge faoi imscrúdú maidir le teacht timpeall féideartha feisteas feadáin agus píobáin neamhsnáithithe d'iarann teilgthe intuargainte a aicmítear faoi láthair faoi chód TARIC 7307 19 10 35 agus 7307 19 10 45 ('an táirge faoi imscrúdú', 'MTF neamhsnáithithe' nó 'UMTF') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.
- (36) Feistis theilgthe feadáin nó píobáin neamhsnáithithe d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí a aicmítear faoi láthair faoi chód TARIC 7307 19 10 40, níl siad faoi réir imscrúdaithe.
- (37) Léiríodh san imscrúdú go bhfuil na buntréithe fisiceacha agus ceimiceacha céanna agus na húsáidí céanna ag MTF a tháirgtear san Aontas ó UMTF na Síne agus atá ag MTF de thionscnamh na Síne. Dá bhrí sin, is táirgí comhchosúla iad de réir bhrí Airteagal 1(4) agus Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán.

3. TORTHAÍ AN IMSCRÚDAITHE

3.1. Breithnithe ginearálta

- (38) I gcomhréir le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán, ba cheart anailís a dhéanamh ar na ceithre chritéar thíos i ndiaidh a chéile chun aon teacht timpeall féideartha a mheas:
- (a) an raibh athrú ar an bpatrún trádála idir an tSín agus an tAontas;
 - (b) má eascraíonn an t-athrú sin as cleachtas, próiseas nó obair nach raibh údar maith leordhóthanach nó bonn cirt eacnamaíoch leis seachas forchur na dleachta;
 - (c) an raibh fianaise maidir le díobháil ann nó an raibh an bonn á bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm i dtéarmaí phraghsanna agus/nó chainníochtaí an táirge faoi imscrúdú; agus
 - (d) an bhfuil fianaise maidir leis an dumpáil ann i ndáil leis na gnáthluachanna a suíodh roimhe sin don táirge lena mbaineann.

- (39) Ós rud é gur tharraing an fhianaise, a chuir an t-iarratasóir ar fáil san iarraidh, aird ar oibríocht bailchríochnaithe san Aontas faoi Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún anailís ansin ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na trí chritéar a leagtar amach san fhoráil sin:
- (a) ar cuireadh tús leis an oibríocht bailchríochnaithe, nó ar tháinig méadú mór uirthi, ón tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú frithdhumpála, nó díreach roimhe, agus an ón tír atá faoi réir na mbeart a tháinig na páirteanna lena mbaineann; agus
 - (b) an é a bhí i gceist leis na páirteanna sin 60 % nó níos mó de luach iomlán pháirteanna an táirge chríochnaithe, agus an luach níos mó ná 25 % den chostas monaraíochta a bhí i gceist le breisluach na bpáirteanna a tugadh isteach le linn na hoibríochta bailchríochnaithe; agus
 - (c) an raibh an bonn á bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm i dtéarmaí phraghsanna agus/nó chainníochtaí an táirge faoi imscrúdú, agus an raibh fianaise dumpála ann i ndáil leis na gnáthluachanna a suíodh roimhe sin do tháirgí comhchosúla nó cosúla.

3.2. An leibhéal comhair

- (40) I ngach ceann den chúig fhoirm éilimh a bhain le hallmhairí UMTF ón tSín isteach san Aontas dá dtagraítear in aithris (29) thuas, léiríodh allmhairí faoi chód TARIC 7307 19 10 35 (UMTF d'iarann teilgthe intuargainte). Níor léirigh aon cheann de na héilimh sin allmhairí faoi chód TARIC 7307 19 10 45 (UMTF eile).
- (41) Níor cumhdaíodh leis na foirmeacha éilimh ach 30 % de na hallmhairí faoin dá chód atá faoi imscrúdú i ndáil le teacht timpeall (cód 7307 19 10 35 agus 7307 19 10 45).
- (42) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh leibhéal comhair íseal ann agus, mar sin, úsáideadh an fhaisnéis ón iarraidh faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán toisc nach raibh sonraí ar fáil ar bhealach eile.

3.3. Athrú ar an bpatrún trádála

- (43) Mar a luaitear in aithris (13) thuas, níor thosaigh an Coimisiún ar fhaireachán a dhéanamh ar allmhairí UMTF ach in 2023. Mar sin féin, trí shonraí ón tréimhse faireacháin a úsáid, bhí an Coimisiún in ann meastachán a dhéanamh ar mhéid na n-allmhairí UMTF in 2022.

Tábla 1

Allmhairí MTF agus UMTF

Allmhairí ón tSín (tonaí)	2022	2023	2024	An tréimhse thuairisciúcháin (Iúil 2024 go dtí Meitheamh 2025)
MTF	6 907	5 336	5 315	5 017
<i>Innéacs</i> (2022 = 100)	100	77	77	73
UMTF	17 834	15 686	17 917	18 566
<i>Innéacs</i> (2022 = 100)	100	88	100	104

- (44) Idir 2022 agus deireadh na tréimhse tuairisciúcháin, léiríodh sna sonraí allmhairiúcháin laghdú ar an méid MTF snáithithe a thagann isteach san Aontas ón tSín agus na dleachtanna atá i bhfeidhm a íoc. An tráth céanna, áfach, tháinig méadú ar an méid UMTF a thagann isteach san Aontas ón tSín.
- (45) Titim a bhí sa phatrún trádála faoi Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán i bhfianaise laghdú na n-allmhairí MTF a thagann isteach san Aontas agus méadú na n-allmhairí UMTF sa tréimhse chéanna.

- (46) Rinne an Coimisiún seiceáil freisin ar allmhairí UMTF ó thíortha eile chun a fháil amach an mbaineann an treoht mhéadaitheach sin le tíortha nach bhfuil bearta i bhfeidhm maidir leo.

Tábla 2

Allmhairí UMTF ó thíortha eile

Allmhairí (tonaí)	2023	2024	An tréimhse thuairisciúcháin
an tSín	15 686	17 917	18 566
an Bhrasáil	2 841	2 527	1 881
Gach allmhaire eile	2 555	1 837	2 034
Iomlán nach ón tSín iad	5 396	4 364	3 916

- (47) Ar bhonn shonraí Eurostat, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil laghdú ag teacht ar allmhairí faoi chóid TARIC 7307 19 10 35 agus 7307 19 10 45 le linn na tréimhse agus go bhfuil méid na n-allmhairí i bhfad níos lú ná iad siúd ón tSín.

3.4. **Cleachtas, próiseas nó obair nach bhfuil údar maith leordhóthanach ná bonn cirt eacnamaíoch leis seachas forchur na dleachta**

- (48) Ceanglaítear le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán go n-eascaíonn an t-athrú ar an bpatrún trádála mar gheall ar chleachtas, ar phróiseas nó ar obair nach bhfuil údar maith leordhóthanach ná bonn cirt eacnamaíoch leis, seachas forchur na dleachta.
- (49) Áirítear leis an gcleachtas, próiseas nó obair, páirteanna a chóimeáil nó oibríochtaí bailchríochnaithe i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den bhun-Rialachán.
- (50) Mheas an Coimisiún go raibh an snáithiú ó UMTF go MTF (an cleachtas a leagtar amach in aithris (19)) ina oibríocht bailchríochnaithe faoi Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán.
- (51) Léiríodh sna sonraí allmhairiúcháin gur ón tSín a thagann an chuid is mó de UMTF a thagann isteach san Aontas, agus a mheastar a bheith mar chuid den oibríocht bailchríochnaithe dá bhrí sin. Dá bhrí sin, bhí an Coimisiún in ann glacadh leis ó na sonraí sin agus ó na héilimh ar dhíolúine a fuarthas, gur ón tír atá faoi réir na mbeart a foinsíodh 60 % de na páirteanna ó thaobh luacha de a úsáideadh le haghaidh fhormhór na n-oibríochtaí snáithithe.
- (52) I bhfianaise leibhéal íseal an chomhair, bhí an Coimisiún den tuairim go léiríonn na fíorais atá ar fáil, mar a leagtar amach san iarraidh iad, nach gcuirfeadh an oibríocht bailchríochnaithe níos mó ná 25 % de chostais bhreisluacha leis.
- (53) Ar bhonn na n-iarrataí ar dhíolúintí a fuarthas, dheimhnigh an t-imscrúdú gur féidir an cleachtas atá i gceist, is é sin, allmhairiú UMTF neamhshnáithithe ón tSín, snáithiú agus díol MTF arna snáithiú san Aontas ina dhiaidh shin, a dhéanamh gan níos mó ná 25 % a chur le breisluach na bpáirteanna a thugtar isteach.
- (54) Sonraíodh san iarraidh gurb é is cúis le hallmhairiú UMTF ón tSín isteach san Aontas lena shnáithiú agus díol, íoc na ndleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm ar allmhairí MTF ón tSín a sheachaint. Tá an leibhéal infheistíochta atá de dhíth chun gnólacht snáithithe a thosú san Aontas i bhfad níos ísle ná táirgeadh iomlán MTF a thosú san Aontas nó na dleachtanna frithdhumpála a íoc ar allmhairí MTF ón tSín.
- (55) Níor thángthas ar aon fhianaise san imscrúdú go raibh údar maith leordhóthanach nó bonn cirt eacnamaíoch leis an oibríocht bailchríochnaithe, is é sin an snáithiú ó UMTF go MTF, seachas forchur na dleachta i gcás inar díoladh MTF le haghaidh saorchúrsaíochta isteach san Aontas.
- (56) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur comhlíonadh ceanglais Airteagal 13(1) agus Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán.

3.5. An bonn a bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na dleachta

- (57) I gcomhréir le hAirteagal 13(2) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún ar bhain allmhairí an táirge faoi imscrúdú isteach san Aontas, i dtéarmaí cainníochtaí agus praghsanna araon, an bonn d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart atá i bhfeidhm faoi láthair.
- (58) Léiríodh i sonraí Eurostat go ndearnadh 18 566 thona de UMTF a allmhairiú isteach san Aontas le linn na tréimhse tuairisciúcháin. Léiríodh san athbhreithniú éaga deireanach gur 28 000 tona in aghaidh na bliana a bhí i dtomhaltas MTF an Aontais. Dá bhrí sin, bhí 66 % de thomhaltas iomlán an Aontais i gceist le hallmhairí UMTF arbh fhéidir a shnáithiú go MTF.
- (59) Mheas an Coimisiún go raibh an leibhéal allmhairí sin suntasach.
- (60) Thug Eurostat faisnéis freisin maidir le costas UMTF a thagann isteach san Aontas agus meánphraghas EUR 2 224 in aghaidh an tona air i rith na tréimhse tuairisciúcháin. Ba é EUR 3 027 in aghaidh an tona an meánphraghas a bhí ar MTF ón tSín ar a n-íocfaí dleachtanna le haghaidh na tréimhse tuairisciúcháin céanna, ar difríocht 36 % é.
- (61) Rinne an Coimisiún anailís freisin ar na ceannacháin a rinne na ceithre chuideachta a d'iarr díolúine ar a n-allmhairí UMTF ón tSín agus chinn sé go raibh meánphraghas ceannaigh EUR 1 512 in aghaidh an tona orthu.
- (62) San athbhreithniú éaga is déanaí, bhí an Coimisiún in ann comparáid a dhéanamh freisin idir praghsanna díola MTF na gcuideachtaí a d'iarr díolúine agus praghsanna díola MTF i dtionscal an Aontais san athbhreithniú éaga is déanaí.
- (63) Na cuideachtaí a d'iarr díolúine, dhíol siad MTF a rinneadh trí allmhairí UMTF ón tSín a shnáithiú ar EUR 4 390 in aghaidh an tona i rith na tréimhse tuairisciúcháin. I dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe éaga dheireanaigh ⁽¹⁷⁾, bhí meánphraghas díola EUR 5 700/MT ag tionscal an Aontais. Deimhníodh an praghas sin san iarraidh (idir 4 900 – 5 600 EUR in aghaidh an tona). Léiríodh go soiléir leis sin go ngearrtar an praghas íseal atá ar UMTF ón tSín ar an gcustaiméir i ndiaidh shnáithiú an ábhair.
- (64) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an bonn á bhaint d'éifeacht cheartaitheach na mbeart atá i bhfeidhm i dtéarmaí praghsanna agus cainníochtaí araon.

3.6. Fianaise ar dhumpáil

- (65) Ceanglaítear le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán fianaise ar dhumpáil a bheith ann i ndáil leis an ngnáthluach a suíodh roimhe sin le haghaidh MTF.
- (66) Leis an athbhreithniú éaga is déanaí, ríomhadh gnáthluach le haghaidh MTF sa tSín tríd an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ⁽¹⁸⁾ don tréimhse imscrúdúcháin ón 1 Iúil 2023 go dtí 30 Meitheamh 2024.
- (67) Bhí an Coimisiún in ann comparáid a dhéanamh idir praghas allmhairí MTF ón tSín a shnáithítear san Aontas agus an gnáthluach seo trí úsáid a bhaint as na sonraí sna hiarrataí ar dhíolúintí. Bhí an praghas díola san Aontas níos ísle ná an gnáthluach agus, dá bhrí sin, meastar gur dumpáil shoiléir atá san MTF seo agus corrlach dumpála 8 % ar a laghad ag baint leo.

4. BEARTA

- (68) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearnadh imchéimniú ar an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear ar allmhairí MTF de thionscnamh na Síne le hallmhairí UMTF.
- (69) Faoi Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán ba cheart na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm a leathnú chun allmhairí an táirge faoi imscrúdú ón tSín isteach san Aontas a chumhdach.

⁽¹⁷⁾ Féach aithris (18) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1890.

⁽¹⁸⁾ Féach aithrisí (105) go (109) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1890.

- (70) Faoi Airteagal 13(1), an dara mír, den bhun-Rialachán, ba cheart an beart a bhunaítear in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1890 i gcás 'gach allmhaire eile' a bheith ina bheart atá le leathnú, ar dleacht frithdhumpála chinntitheach 57,8 % é is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc.
- (71) Faoi Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán, tá dleachtanna le bailiú i leith na n-allmhairí cláraithe sin arb allmhairí an táirge atá faoi imscrúdú iad i gcomhréir le torthaí an imscrúdaithe seo.

5. IARRATAÍ AR DHÍOLÚINTÍ

- (72) Fuair an Coimisiún iarrataí ar dhíolúintí faoi Airteagal 13(4) ón leathnú a d'fhéadfadh a bheith ar na bearta atá i bhfeidhm ar allmhairí MTF ón tSín ó na cuideachtaí seo a leanas:
- Saint Gobain PAM Canalisation, an Fhrainc
 - Erata Impex srl, an Rómáin
 - AGAflex sp zoo, an Pholainn
 - Jianzhi Technology srl, an Rómáin
 - S. C. Poarta Alba Fittings Industry srl, an Rómáin
 - Odlewnia Zawiercie SA, an Pholainn
- (73) Rinneadh anailís ar gach iarraidh ar dhíolúine chun a fháil amach an raibh an chuideachta i mbun an chleachtais imchéimnithe i dtuairim an Choimisiúin. Rinneadh cuairteanna fíorúcháin ar áitribh gach iarratasóra seachas Saint-Gobain PAM Canalisation. Ní bhfuarthas go raibh an chuideachta sin ag allmhairiú an táirge faoi imscrúdú agus, dá bhrí sin, ní raibh gá leis an éileamh ar dhíolúine.
- (74) Ghlac an Coimisiún leis na héilimh ar dhíolúine ó na cuideachtaí seo a leanas: Erata Impex srl, AGAflex sp zoo, SC Poarta Alba Fittings Industry agus Odlewnia Zawiercie SA. Fuarthas nach raibh na cuideachtaí sin i mbun an chleachtais imchéimnithe mar a shonraítear in aithris (21) thuas.
- (75) Bhí Erata Impex srl agus SC Poarta Alba ag cur breis agus 25 % de chostais bhreisluacha lena gcuid MTF neamhshnáithithe de thionscnamh na Síne. Bhí SC Poarta Alba tar éis tosú freisin ar shnáithiú MTF neamhshnáithithe de thionscnamh na Síne sular cuireadh na bearta i bhfeidhm.
- (76) Bhí Odlewnia Zawiercie SA ag snáithiú a tháirge féin agus MTF neamhshnáithithe de thionscnamh na Síne araon agus níor sháraigh na hallmhairí de thionscnamh na Síne níos mó ná 60 % de réir luacha de MTF neamhshnáithithe.
- (77) Ní raibh AGAflex sp zoo ag snáithiú allmhairí MTF neamhshnáithithe ach dhíol siad iad mar tháirge críochnaithe mar chuid de chóras feistithe neamhshnáithithe.

5.1. Jianzhi Technology

- (78) D'éiligh Jianzhi Technology díolúine ón leathnú ar na bearta ar an mbonn gur chuir siad níos mó ná 25 % de chostas breisluacha lena n-allmhairí MTF neamhshnáithithe ón tSín tríd an bpróiseas snáithithe faoi Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán.
- (79) Rinne siad a gcuid MTF neamhshnáithithe go léir a allmhairiú ón tSín agus, dá bhrí sin, theip ar an gcuideachta sa mheasúnú 60 % faoi bhun Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán. Níor cuireadh tús leis an oibríocht snáithithe ach i ndiaidh do na bearta teacht i bhfeidhm.
- (80) I bhfianaise go bhfuil an chuideachta comhlachaithe leis an táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín óna bhfuair sí MTF neamhshnáithithe, agus i bhfianaise nach bhfuil cineál an idirbheart seo ar neamhthuilleamaí, coigeartaíodh luach na n-allmhairí go leibhéal tuilleamaí trí úsáid a bhaint as sonraí a sholáthair an t-onnmhaireoir comhlachaithe.

- (81) Chinn an Coimisiún nach raibh an chuideachta ag cur níos mó ná 25 % de chostas breisluacha le hallmhairí MTF neamhsnáthithe agus, dá bhrí sin, bhí an chuideachta ag teacht timpeall ar na ndleachtanna a bhí i bhfeidhm faoi Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán.
- (82) Ba mhór na cainníochaí a thairg an chuideachta freisin agus, dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh an bonn á bhaint acu d'éifeacht cheartaitheach na dleachta faoi Airteagal 13(2)(c) den bhun-Rialachán.
- (83) Chinn an Coimisiún freisin gur dumpáladh MTF, a rinne Jianzhi Technology a shnáithiú, tríd an modh a leagtar amach in aithrisí (65) go (67) thuas.
- (84) Dá bhrí sin, fuarthas gur ghlac Jianzhi Technology páirt sa chleachtas imchéimnithe a bunaíodh sa chás seo.

5.2. Conclúidí

- (85) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart díolúintí a dheonú do na cuideachtaí Erata Impex, AGAflex, Poarta Alba agus OZ toisc go bhfuarthas nach raibh siad i mbun cleachtas imchéimnithe.
- (86) Mar sin féin, fuarthas go raibh an chuideachta Jianzhi Technology ag teacht timpeall ar na bearta atá i bhfeidhm agus nach féidir aon díolúine a dheonú.
- (87) Níor cheart UMTF arna allmhairiú ag na cuideachtaí díolmhaithe a úsáid ach amháin ina n-oibríochtaí bailchríochnaithe féin, chun iad a ath-onnmhairiú nó a scrios agus i gcás ina sárófar an fhoráil sin, déanfaidh an Coimisiún an díolúine a chúlghairm i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán.
- (88) Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar allmhairí MTF neamhsnáthithe ag na cuideachtaí díolmhaithe agus má léirítear leis an bhfaireachán sin méadú suntasach ar allmhairí UMTF ón tSín tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú ar an gcás seo dá réir sin.
- (89) Chun éifeachtúlacht an fhaireacháin a áirithiú, déanfaidh an Coimisiún faireachas ar gach allmhaire faoi chóid 7307 19 10 35 agus 7307 19 10 45.
- (90) Má tá údar cuí leis, d'fhéadfadh athbhreithniú a bheith mar thoradh ar mheasúnú den sórt sin faoi Airteagal 11 den bhun-Rialachán.

6. NOCHTADH

- (91) An 30 Eanáir 2026, nochta an Coimisiún na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha uile as ar eascair na conclúidí thuas do na páirtithe leasmhara uile agus d'iarr sé orthu a mbarúil a thabhairt.
- (92) Reáchtáladh éisteachtachtaí leis na hallmhaireoirí Metpro UK agus Jianzhi Technology srl agus leis an iarratasóir.
- (93) Chuir an t-allmhaireoir Metpro UK barúlacha isteach maidir le leathnú na ndleachtanna chun gach allmhaire feisteas neamhsnáthithe d'iarann teilgte intuargainte faoi chód 7307 19 10 35 a chumhdach agus d'iarr sé díolúine maidir leis an allmhairiú isteach san Aontas i gcás a tháirgí ar comhchumair chiorclacha shnáthithe d'iarann intuargainte gan claibín orthu iad toisc nach bhfuil siad snáthithe, dar leis, nuair a dhéantar iad a allmhairiú.
- (94) Níl an táirge snáthithe faoi réir dleachtanna nuair a allmhairítear é toisc gur ann do dhíolúine shonrach (atá i bhfeidhm ón imscrúdú bunaidh) maidir le comhchumair chiorclacha shnáthithe d'iarann intuargainte gan claibín orthu ⁽¹⁹⁾.
- (95) D'iarr an t-allmhaireoir Metpro UK díolúine freisin maidir leis an allmhairiú isteach san Aontas i gcás a tháirgí feisteas seolphiobhain d'iarann intuargainte a bhfuil mear-mheicníocht phaitinnithe acu maidir le deisiú, brú isteach agus socrú na dtáirgí agus a bhfuil cruimhscriú beag acu mar uirlis nasctha. Déantar iad a allmhairiú faoi chód 7307 19 10 35 agus díoltar iad mar tháirge críochnaithe.

⁽¹⁹⁾ Féach aithrisí (11) agus (12) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 430/2013.

- (96) D'aontaigh an Coimisiún allmhairí comhchumar ciorclach snáithithe d'iarann intuargainte gan claibín orthu a eisiamh ó leathnú na dleachta toisc gurb é is cuspóir don leathnú an táirge faoi imscrúdú maidir le himchéimniú (UMTF) a chuimsiú chun deireadh a chur le teacht timpeall ar na dleachtanna atá i bhfeidhm ar an táirge lena mbaineann (MTF) mar gheall ar an gcleachtas, próiseas nó obair (snáithiú san Aontas).
- (97) Toisc go bhfuil comhchumair chiorclacha snáithithe d'iarann intuargainte gan claibín orthu eisiata ó raon táirgí an táirge lena mbaineann, ní féidir le hallmhairí an táirge chéanna imchéimniú a dhéanamh ar na bearta atá i bhfeidhm.
- (98) Ghlac an Coimisiún mar sin le hallmhairí comhchumar ciorclach snáithithe d'iarann intuargainte gan claibín orthu a eisiamh ón táirge atá faoi imscrúdú.
- (99) Mar sin féin, ó chuir Metpro UK an iarraidh seo isteach i ndiaidh na sprice a tugadh sa Rialachán tionscnaimh, ní féidir leis an gCoimisiún feistis seolphíobhain d'iarann intuargainte a eisiamh ón dleacht toisc gur táirgí iad a allmhairítear faoi chóid 7307 19 10 35 nó 7307 19 10 45 agus nach bhfuil díolúine i bhfeidhm cheana féin don táirge snáithithe sin. Ba cheart don allmhaireoir aon iarraidh ar dhíolúine maidir le hallmhairiú na dtáirgí sin isteach san Aontas sin a chur isteach faoin am cuí ag tús an imscrúdaithe.
- (100) Toisc go bhfuil comhchumair chiorclacha neamhsnáithithe d'iarann intuargainte gan claibín orthu eisiata ón raon táirgí ba cheart na méideanna arna n-urrrú go sealadach ar allmhairí cláraithe an táirge seo a scaoileadh.
- (101) Chuir an t-allmhaireoir Saint Gobain Canalisation barúlacha isteach gur lean siad de na hallmhairí sin a chlárú faoi chóid 7307 19 10 45 seachas 7307 19 10 40 cé nach raibh siad ag allmhairiú an táirge faoi imscrúdú i ndáil le teacht timpeall. D'iarr siad nach mbeadh a n-allmhairí cláraithe faoi réir bailiú dleachta.
- (102) Dheimhnigh an Coimisiún nár cheart go mbeadh allmhairí feisteas neamhsnáithithe déanta d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí faoi réir bailiú dleachta nuair ba cheart iad a chlárú faoi chóid 7307 19 10 40.
- (103) Chuir an t-allmhaireoir Jianzhi Technology barúlacha faoi bhráid maidir leis an toradh ginearálta ar theacht timpeall agus leis an diúltú sonracha dá n-iarraidh ar dhíolúine.
- (104) D'áitigh Jianzhi Technology ar dtús nárbh fhéidir leis an gCoimisiún conclúid a bhaint go raibh athrú sa phatrún trádála faoi Airteagal 13(1) agus go gcaithfeadh an anailís sonraí a áireamh don tréimhse ó tháinig na bearta i bhfeidhm in 2013 go dtí an t-am nuair a aicmíodh na sonraí allmhairiúcháin idir feistis snáithithe agus neamhsnáithithe ar leith in 2023.
- (105) Níor aontaigh an Coimisiún leis an argóint sin. Tá an t-athrú sa phatrún trádála, a leagtar amach san iarraidh ar athbhreithniú, bunaithe ar an méadú ar allmhairí UMTF isteach san Aontas le roinnt blianta anuas agus nasctar an t-athrú leis an athrú úinéireachta ar an gcuideachta Pholannach OZ ag an gcuideachta Shíneach Jinan Meide in 2022 agus le bunú na cuideachta Jianzhi Technology sa Rómáin ag an gcuideachta Shíneach Hebei Jianzhi in 2022 freisin.
- (106) Léiríonn na staitisticí atá ar fáil don Choimisiún méadú suntasach ar allmhairí UMTF isteach san Aontas ó 2022 agus is allmhairí iad chuig an dá chuideachta sin go príomha.
- (107) Chuir Jianzhi Technology tuilleadh lena argóint agus d'áitigh nárbh fhéidir leis an gCoimisiún a bheith den tuairim nach raibh údar maith leordhóthanach nó bonn cirt eacnamaíoch leis an gcleachtas, próiseas nó obair seachas forchur na dleachta mar gheall ar éagmais sonraí allmhairiúcháin idir 2013 agus 2022.
- (108) Arís níor aontaigh an Coimisiún leis an argóint sin mar is ionann an cleachtas, próiseas nó obair agus allmhairiú UMTF lena snáithiú san Aontas, rud a tosaíodh i ndiaidh chur i bhfeidhm na ndleachtanna. Níor mhaígh aon pháirtí gurbh ann do thionscadal snáithithe san Aontas a bhí ag brath ar allmhairí UMTF ón tSín sular tháinig na bearta i bhfeidhm.
- (109) D'áitigh Jianzhi Technology ansin nár tháinig an Coimisiún ar aon fhianaise go bhfuil an bonn á bhaint d'éifeacht ceartaítheacha na dleachta i dtéarmaí praghsanna an táirge comhchosúil toisc go raibh an anailís ag brath ar na praghsanna díola san Aontas le linn an athbhreithnithe éaga dheireanaigh.

- (110) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil praghsanna díola thionscal an Aontais, mar a cinníodh san athbhreithniú éaga is déanaí agus mar a leagtar amach iad san iarraidh ar athbhreithniú, i bhfad thar ar an bpraghas MTF a dhéantar trí allmhairí ó tSín a shnáithiú mar a shonraítear in aithris (63) thuas. Dá réir sin, mheas an Coimisiún go raibh an chomparáid idir an gnáthluach a suíodh roimhe seo agus praghas díola MTF arna shnáithiú san Aontas ó allmhairí ón tSín, cruinn.
- (111) D'áitigh Jianzhi Technology freisin nár sholáthair an Coimisiún aon fhianaise maidir le dumpáil.
- (112) Mar a leagtar amach in aithris (65) go (67) thuas, rinne an Coimisiún ríomh dumpála ar bhonn an gnáthluach a suíodh roimhe seo san athbhreithniú deireanach, arbh é 4 625 EUR in aghaidh an tona é, agus cuireadh é sin i gcomparáid le praghas díola allmhairí MTF arna shnáithiú san Aontas ó allmhairí ón tSín. Dá bhrí sin, diúltáíodh don mhaíomh sin.
- (113) Chuir Jianzhi Technology tuilleadh barúlacha isteach a bhain go sonrach leis an ríomh a rinneadh agus an raibh an chuideachta tar éis níos mó ná 25 % de chostas breisluacha a chur leis na páirteanna a tugadh isteach faoi Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán.
- (114) D'iarr Jianzhi Technology nár cheart go ndéanadh an Coimisiún coigeartú ar luach na bpáirteanna a tugadh isteach i bpraghas ar neamhthuilleamaí bunaithe ar shonraí díolacháin do chustaiméirí neamhchomhlachaithe arna soláthar ag a mháthairchuideachta Hebei Jianzhi, toisc go bhfuil na cainníochtaí neamhchomhlachaithe níos ísle ná na cainníochtaí a soláthraíodh do Jianzhi Technology.
- (115) Dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh seo toisc nár sholáthair Jianzhi Technology aon fhianaise shuntasach ar an bhfáth a raibh praghas díola neamhchomhlachaithe Hebei Jianzhi míchruinn chun praghas UMTF ar neamhthuilleamaí a shuí ná níor sholáthair Jianzhi Technology aon fhianaise eile lena gceadófaí coigeartú eile a ríomh.
- (116) Dhiúltaigh an Coimisiún freisin don mhaíomh ó Jianzhi Technology gur cheart dó glacadh leis na muirir chíosa idir iadsan agus cuideachta chomhlachaithe sa ríomh i ndáil leis na costais bheisluacha. Mheas an Coimisiún gurb é an costas ar neamhthuilleamaí maidir le cíós an áitribh an praghas a íoctar leis an tiarna talún neamhchomhlachaithe ag an gcuideachta chomhlachaithe agus, mar sin, rinne sé costas comhlachaithe an chíosa a choigeartú dá réir sin don chostas ar neamhthuilleamaí i ríomh na gcostas breisluacha.
- (117) Mhaígh Jianzhi Technology ansin gur cheart na costais phacáistithe a mheas mar chuid den chostas monaraíochta toisc go ndíoltar feistis snáithithe le pacáistiú, i mbosca agus lipéad orthu.
- (118) Ghlac an Coimisiún leis go ndíoltar na feistis i bpacáistiú ach mheas sé gurb é costas an phacáistithe (costas saothair an phacáistithe san áireamh) mar chuid den chostas díola agus nach bhfuil tionchar aige sin ar chostas na monaraíochta mar a thagraítear dó in Airteagal 13 (2)(b).
- (119) Mhaígh Jianzhi Technology ansin nár cheart don Choimisiún méid a bhaint den ioncam faighte nuair a dhíoltar drámh-ábhar.
- (120) Chinn an Coimisiún, fiú más fíor gur féidir ioncam a úsáid chun breisluach an chostais a laghdú nó chun luach na bpáirteanna a thugtar isteach lena snáithiú a laghdú, nach bhfuil luach an drámh-ábhair ard go leor chun an cinneadh a athrú nár aimsigh an chuideachta sprioc na tairisí breisluacha costais, is é sin 25 %, faoi Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán agus, dá bhrí sin, ní athraíonn an maíomh sin cinneadh an Choimisiúin.
- (121) Sa deireadh, thug an chuideachta dá haire nár thug an Coimisiún fianaise maidir le cé acu a bhain nó nár bhain Jianzhi Technology an bonn d'éifeacht cheartaitheach na dleachta ó thaobh na cainníochta de nó cé acu a bhí nó nach raibh fianaise dumpála ann.
- (122) Seachas an cinneadh in aithris (82) go bhfuil na cainníochtaí a tháirgeann agus a dhíolann Jianzhi Technology suntasach, shuigh an Coimisiún freisin gur dhíol Jianzhi Technology MTF deiridh ar phraghas dumpáilte. Bhí an ríomh dumpála mar chuid de nochtadh breise a cuireadh faoi bhráid na gcuideachta an 12 Eanáir 2026 chun a barúlacha a iarraidh.

- (123) Chuir na hiarratasóirí barúlacha isteach maidir leis an mbunús dlí ar ar cuireadh isteach an iarraidh agus ar an mbunús dlí ar ar chinn an Coimisiún díolúintí a dheonú do na cuideachtaí thuasliostaithe. Mheas na hiarratasóirí, go háirithe, gurb é dleachtanna a sheachaint an cleachtas, próiseas nó obair in Airteagal 13(1) agus nár cheart na tairseacha in Airteagal 13(2) a úsáid chun díolúine ar bith a dheonú.
- (124) Cuireadh Airteagal 13(2) leis an mbun-Rialachán agus cuspóir sonracha leis plé le teacht timpeall a d'eascair as oibríocht cóimeála nó bailchríochnaithe a thosú san Aontas agus i dtríú tíortha i ndiaidh chur i bhfeidhm na mbeart.
- (125) Oibríocht bailchríochnaithe atá sa chleachtas, próiseas nó obair sa chás lena mbaineann, nuair is saintréith bhunúsach den táirge deiridh an snáithiú nuair nach féidir na feistis a úsáid dá éagmais, agus nuair a rinneadh an snáithiú i ndiaidh tuilleadh monaraíochta san Aontas.
- (126) Mheas an Coimisiún mar sin gurb é Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán an bunús dlí is iomchuí chun cur síos a dhéanamh ar an gcleachtas, próiseas nó obair sa chás seo.
- (127) San iarraidh uathu an 2 Meitheamh 2025 shainaithin na hiarratasóirí go soiléir an cleachtas, próiseas nó obair mar oibríocht bailchríochnaithe. Gan aon amhras, is í an phríomh-argóint a leagtar amach i mír 82 den iarraidh gurb é 'an oibríocht snáithithe a dhéantar san Aontas chun íoc na ndleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm a sheachaint, atá ina oibríocht bailchríochnaithe de bhrí Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán.'
- (128) Ar bhonn na hargóinte sin agus na fianaise leordhóthanaí a tugadh i mír 16 den iarraidh, 'd'iarr na hiarratasóirí ar an gCoimisiún imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh le féachaint an ndearnadh teacht timpeall ar bhearta frithdhumpála ar allmhairí MTF snáithithe ón tSín trí bhíthin oibríocht bailchríochnaithe san Aontas'.
- (129) Sna barúlacha uathu ar an nochtadh, níor shainaithin na hiarratasóirí go soiléir aon fhianaise nach raibh ar fáil dóibh ag am na hiarrata ach a bhí ar fáil dóibh i rith an imscrúdaithe a bheadh leordhóthanach d'fhonn ath-aicmiú iomlán a dhéanamh ar an gcleachtas lena mbaineann.
- (130) Níor mhínigh na hiarratasóirí cén fáth nár cheart an cleachtas, próiseas nó obair a mheas mar oibríocht bailchríochnaithe a thuilleadh nuair a shainaithin siad féin an méid sin mar oibríocht bailchríochnaithe san iarraidh agus nuair a cinneadh sin mar oibríocht bailchríochnaithe i rith an imscrúdaithe.
- (131) Cé gur cinneadh go bhfuil roinnt allmhaireoirí ann a d'iarr díolúintí nár bhain amach na tairseacha ábhartha a shonraítear in Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán agus, dá bhrí sin, cinneadh nach raibh siad i mbun na gcleachtas imchéimnithe mar a líomhnaigh na hiarratasóirí agus arb ann dóibh i dtuairim an Choimisiúin, ní bunús leordhóthanach an méid sin chun an cleachtas i gceist a ath-aicmiú.
- (132) Dá nglacfaí leis sin, d'fhágfaí na tairseacha a leagadh síos in Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán gan chiall. Rachadh sin i gcoinne mian na reachtóirí trí na tairseacha sin a thabhairt isteach san fhoráil, foráil lena n-iarrtar cothromaíocht chuí a bhaint amach idir teacht timpeall ar na bearta frithdhumpála a chosc agus gan infheistíocht eachtrach dhíreach dhlisteanach san Aontas a dhíspeagadh.
- (133) Líomhnaigh na hiarratasóirí ina mbarúlacha ar an nochtadh, agus ina ndéanann siad neamhaird ar an réasúnaíocht taobh thiar dá n-iarraidh féin agus faoi thionscnamh an imscrúdaithe go bunúsach, gurb ionann cruthú Jianzhi Technology agus díol OZ le Jinan Meide agus teacht timpeall faoi Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán toisc go raibh sé mar sprioc ag na bearta sin cloí ar bhonn saorga le coinníollacha Airteagal 13(4) agus Airteagal 13(2).

- (134) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Leis na tairseacha in Airteagal 13(2) agus na forálacha in Airteagal 13(4), ligtear do chuideachta tosú le táirge leathchríochnaithe a allmhairiú san Aontas agus é a phróiseáil san Aontas. Mar sin, le sprioc agus comhthéacs Airteagal 13(2), lena n-áirítear stair na forála, léirítear go bhfuil na tairseacha – nach bhfuil socraithe ná cás-sonrach – deartha chun ligean don infheistíocht sin isteach san Aontas laistigh de theorainneacha dochta.
- (135) D'iarr na hiarratasóirí ar an gCoimisiún ansin Airteagal 33 den nGníomh Tarmligthe a chur i bhfeidhm ar Chód Custaim an Aontais dá réir sin ⁽²⁰⁾. Leagtar síos leis an bhforáil sin nach measfar go bhfuil bonn cirt eacnamaíoch ag oibríocht próiseála ná oibrithe i dtír eile má shuítear gurb í príomh-sprioc na hoibríochta bearta trádála a sheachaint. Thagair na hiarratasóirí sa chaoi sin do bhreithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa chás *Harley Davidson* ⁽²¹⁾. Mar thoradh air sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 13(5) den bhun-Rialachán, d'iarr na hiarratasóirí ar an gCoimisiún a dhearbhu nach bhfuil bonn cirt eacnamaíoch leis an oibríocht bailchríochnaithe agus, mar sin, gach díolúine a dhiúltú.
- (136) Níor aontaigh an Coimisiún le maíomh sin na n-iarratasóirí. Tagraíonn Cód Custaim an Aontais don tír is onnmhaiseoir ach ní thagraíonn na rialacha maidir le teacht timpeall faoi Airteagal 13 den bhun-Rialachán don mhéid sin. Dá réir sin, ba é comhairle chúirteanna an Aontais roimhe seo gan téarmaí Airteagal 13 den bhun-Rialachán a thuiscint mar sin i bhfianaise an dlí chustaim ⁽²²⁾.
- (137) Tá Airteagal 13(5) ann chun ligean d'imscrúduithe comhuaineacha i ndáil le teacht timpeall agus pointe tionscnaimh a fhíorú araon, rud a dhéanann na húdaráis náisiúnta Chustaim.
- (138) Deimhnítear an tuiscint seo leis an mbreithiúnas ar a raibh na hiarratasóirí ag brath, nuair a dheimhnigh an Chúirt an tsaintréith neamhspleách atá ag Airteagal 13 den bhun-Rialachán i gcomparáid le hAirteagal 33 den nGníomh Tarmligthe i ndáil le Cód Custaim an Aontais ⁽²³⁾.
- (139) Líomhnaigh na hiarratasóirí freisin go ndearna an Coimisiún anailís ar na hiarrataí díolúine faoi Airteagal 13(2) amháin gan Airteagal 13(1) a mheas. Líomhnaigh na hiarratasóirí gur féidir an díolúine a dhiúltú faoi Airteagal 13(1) i gcónaí fiú má éiríonn le cuideachta sa mheasúnú breisluacha 25 % faoi Airteagal 13(2).
- (140) Níor aontaigh an Coimisiún leis an argóint sin toisc go ndeirtear go sonrach in Airteagal 13(2)(b) 'nach measfar in aon chás go bhfuil teacht timpeall ar bun' má bhaintear amach an measúnú breisluacha 25 %.
- (141) Dearbhaítear leis an bhforáil in Airteagal 13(4) gur féidir 'díolúintí a dheonú do tháirgeoirí ar féidir leo a thaispeáint nach bhfuil siad páirteach sna cleachtais teacht timpeall mar atá shainmhínithe i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo'. Mar a luaitear thuas in aithris (127), líomhnaigh na hiarratasóirí gurbh ann don teacht timpeall faoi Airteagal 13(2) agus dá bhrí sin, bhí fócas géar ar an gcleachtas, próiseas nó obair sin ar a ndearnadh na measúnuithe faoi Airteagal 13(1) in athuair faoi Airteagal 13(2)(c).
- (142) Thug na hiarratasóirí dá n-aire gur sholáthair siad fianaise nach gcuirfeadh oibríocht snáithithe san Aontas breisluach níos mó ná 25 % ar an gcostas agus gur thug an Coimisiún an méid sin dá aire in aithris (52) thuas. Mar sin, ní thuigeann siad conas a deonaíodh díolúintí ar an mbunús gur cuireadh níos mó ná 25 %.

⁽²⁰⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/oj).

⁽²¹⁾ Breithiúnas ón gCúirt (an Ceathrú Dlísheomra) an 21 Samhain 2024, *Harley-Davidson Europe Ltd agus Neovia Logistics Services International v An Coimisiún Eorpach* C-297/23 P, ECLI:EU:C:2024:971.

⁽²²⁾ Breithiúnas na Cúirte an 12 Meán Fómhair 2019, *An Coimisiún v Kolachi Raj Industrial*, C-709/17 P, ECLI:EU:C:2019:717, míreanna 89 agus 110.

⁽²³⁾ Breithiúnas ón gCúirt (an Ceathrú Dlísheomra) an 21 Samhain 2024, *Harley-Davidson Europe Ltd agus Neovia Logistics Services International v An Coimisiún Eorpach*, C-297/23 P, ECLI:EU:C:2024:971, mír. 58 lena dearbhaítear '[nach] féidir aon cheacht a fhoghlaim ón bhforáil dheireanach sin chun an chéad mhír d'Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446 a léiriú, ós rud é go mbaineann sé le hábhar eile agus go ndréachtaítear é i dtéarmaí atá an difriúil ó théarmaí Airteagal 33, nach bhfuil an téarma 'imchéimniú' ná an sainmhíniú mionsonraithe ar an téarma sin a thugtar in Airteagal 13 de Rialachán 2016/1036 ann'.

- (143) Thug an Coimisiún dá aire gur ríomhadh an tairseach de réir gach cuideachta ar leith agus mar sin, is féidir díolúintí a dheonú maidir leis an gconclúid ghinearálta go raibh an breisluach costais teoranta.
- (144) Thug na hiarratasóirí dá n-aire go bhfuair OZ díolúine ón gCoimisiún ar leathnú na mbeart bunaithe ar an measúnú 60 % in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán, nuair atá an oibríocht bailchríochnaithe bunaithe ar bhonn próisis ina dtagann ceann amháin isteach agus téann ceann eile amach seachas aon táirge críochnaithe amháin a chóimeáil as páirteanna éagsúla d'áiteanna tionscnaimh éagsúla. D'iarr na hiarratasóirí ar an gCoimisiún diúltú don measúnú 60 % a mhéid a bhaineann le OZ agus an breisluach 25 % a ríomh bunaithe ar na páirteanna a thagann ón tSín amháin.
- (145) Níor aontaigh an Coimisiún le maíomh na n-iarratasóirí. Thug an Coimisiún dá aire gur ceart é an tairseach 60 % a chur i bhfeidhm ag leibhéal na cuideachta toisc gurb í an chuideachta a d'iarr díolúine faoi Airteagal 13(4) seachas cuid di. Mar a thug an Coimisiún dá aire in aithris (129) agus (134) is léir go raibh sé beartaithe ag na reachtóirí nach ionann teacht timpeall agus roinnt páirteanna ón tír atá faoi bhearta a úsáid in oibríochtaí cóimeála/bailchríochnaithe i dtír eile nó san Aontas.
- (146) Nuair a thagann an cleachtas, an próiseas nó an obair dá dtagraítear in Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán frithdhumpála faoi choincheap na n-oibríochtaí cóimeála/bailchríochnaithe, is é sin an fáth go gcuimsítear in Airteagal 13(2)(b) tairseach 60 % atá le cur i bhfeidhm ar an oibríocht sin.
- (147) D'áitigh na hiarratasóirí ansin gur sháraigh an Coimisiún na hoibleagáidí atá air na cúiseanna lena ghníomhartha a dhearbhu, go háirithe faoin mbonn ar ar deonaíodh díolúintí agus conas a úsáideadh na forálacha in Airteagal 13(1) agus 13(2) den bhun-Rialachán le cinneadh an ndéanfar díolúine a dheonú nó a dhiúltú.
- (148) Níor aontaigh an Coimisiún leis an tuiscint sin ar chinntí an Choimisiúin. De réir na Cúirte Breithiúnais sa chás *Maxcom*, is léir ón bhfoclaíocht agus ó bhrí fhor-iomlán Airteagal 13 den bhun-Rialachán nach mór don Choimisiún, d'fhonn teacht timpeall a shuí, athbhreithniú foriomlán a dhéanamh ar an tríú tír atá faoi réir an imscrúdaithe maidir leis an teacht timpeall san iomlán.
- (149) Níl de cheangal ar an gCoimisiún, áfach, anailís a dhéanamh ar chás gach allmhaireora aonair d'fhonn teacht timpeall a shuí. Tá an anailís sin ina príomhchúram don allmhaireoir aonair, agus déantar sin i gcomhthéacs na n-iarrataí díolúine a dhéantar faoi Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán ⁽²⁴⁾.
- (150) I gcomhréir le hAirteagal 13(2) den bhun-Rialachán, ní fhéachtar ar oibríocht cóimeála i dtríú tír nó san Aontas mar oibríocht a dhéanann teacht timpeall ar na bearta atá i bhfeidhm nuair a chomhlíonann sé gach riachtanas a leagtar síos san fhoráil sin ⁽²⁵⁾.
- (151) Ar cheann de na riachtanais sin, is gá gurb 'ionann na páirteanna agus 60 % nó níos mó de luach iomlán pháirteanna an táirge agus é cóimeáilte, ach amháin nach measfar in aon chás go bhfuil teacht timpeall ar bun más luach níos mó ná 25 % den chostas monaraithe an luach atá curtha leis na páirteanna a tógadh isteach le linn na hoibríochta cóimeála nó críochnaithe'.
- (152) Sa deireadh, faoi Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán, ní mór don Choimisiún a shuí go bhfuil teacht timpeall á dhéanamh ar na bearta frithdhumpála maidir leis an tríú tír ina hiomláine. Ní mór do gach allmhaireoir aonair a léiriú, áfach, go bhfuil údar le díolúine a thabhairt dóibh mar gheall ar a gcúinsí sonracha faoi Airteagal 13(4) den rialachán sin ⁽²⁶⁾.
- (153) I ndiaidh na gcéimeanna sin agus leithdháileadh na n-ualach mar a leagtar amach in aithris (38 go (71) thuas a leanúint, rinne an Coimisiún anailís ar dtús le cinntiú an raibh teacht timpeall ag tarlú idir an tSín agus an tAontas tríd an mbonn a bhaint de na dleachtanna MTF a bhí i bhfeidhm mar gheall ar allmhairí isteach san Aontas lena snáithiú agus lena n-ath-dhiól. Dheimhnigh an anailís gurbh é sin an cás.

⁽²⁴⁾ Breithiúnas an 26 Eanáir 2017, *Maxcom v Chin Haur Indonesia*, C-247/15 P, ECLI:EU:C:2017:61, mír 57.

⁽²⁵⁾ Breithiúnas an 10 Deireadh Fómhair 2017, *An Coimisiún/Kolachi Raj Industrial*, T-435/15 P, ECLI:EU:T:2017:712, mír 76.

⁽²⁶⁾ Féach Breithiúnas an 26 Eanáir 2017, *Maxcom v Chin Haur Indonesia*, C-247/15 P, ECLI:EU:C:2017:61, mír 59 agus Breithiúnas an 10 Deireadh Fómhair 2017 *Kolachi Raj Industrial v An Coimisiún*, T-435/15, ECLI:EU:T:2017:712, mír. 75.

- (154) Rinne an Coimisiún seiceáil ansin ar gach iarraidh ar dhíolúine ón gcinneadh ginearálta sin agus mhínigh sé in aithrisí (72) go (84) conas a tháinig sé ar an gconclúid maidir le cé acu a bhí nó nach raibh teacht timpeall á dhéanamh leis an oibríocht bailchríochnaithe san Aontas ag na hallmhaireoirí a bhí ag iarraidh díolúine.
- (155) Déantar na díolúintí a dheonú faoi Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán agus bunaítear iad ar an gcoincheap nach bhfuil na cuideachtaí sin i mbun na gcleachtas a leagtar amach in Airteagail 13(1) agus 13(2). Fíoraíodh na maímh tar éis fíorú ag suíomh na gcuideachtaí agus athbhreithniú cuimsitheach ar thaifead a gcuntas.
- (156) Tugadh achoimre ar na hiarrachtaí cuimsitheacha imscrúdaitheacha sin in aithrisí (74) go (77) thuas maidir leis na cuideachtaí ar tugadh díolúine dóibh agus in aithrisí (78) go (84) thuas maidir leis na cuideachtaí nach bhfuair díolúine.
- (157) D'áitigh na hiarratasóirí nár mhínigh an Coimisiún go soiléir an bunús dlíthiúil lena nasctar teip ó thaobh gné amháin d'Airteagal 13(2) a shásamh leis an gconclúid dhearfach nach bhfuil cuideachta 'páirteach sa chleachtas imchéimnithe', d'ainneoin cinneadh an Choimisiúin i ndáil leis an tír iomlán gur ann do theacht timpeall agus an cinneadh sin suite ar an oibríocht bailchríochnaithe chéanna.
- (158) Mar chéad chéim, maidir leis an mbunús dlíthiúil, tharraing an Coimisiún chun cuimhne céimeanna agus leithdháileadh na n-ualach sa bhreithiúnas ón gCúirt Breithiúnais agus thug sé achoimre in aithrisí (148) go (152). Mar dhara céim, tharraing an Coimisiún chun cuimhne go ndearbhaítear in Airteagal 13(2)(b) 'nach measfar in aon chás go bhfuil teacht timpeall ar bun más luach níos mó ná 25 % den chostas monaraithe an luach atá curtha leis na páirteanna a tógadh isteach le linn na hoibríochta cóimeála nó críochnaithe agus mheas sé nach raibh na cuideachtaí a chomhlíonann an tairseach sin i mbun teacht timpeall ar na bearta atá i bhfeidhm.
- (159) D'iarr an t-allmhaireoir GEBO Armaturen GmbH, ar an gCoimisiún a shoiléiriú ar tugadh díolúine d'aon allmhaireoir UMTF nuair nach é an t-allmhaireoir a rinne an snáithiú iar-allmhairiúcháin é féin, ach go ndearna seirbhís tríú páirtí atá ag feidhmiú laistigh de thionscal an Aontais é, sular dhíol an t-allmhaireoir a bhfuil díolúine aige an táirge.
- (160) Dheimhnigh an Coimisiún nár tugadh díolúine d'aon chuideachta den chineál sin.
- (161) I ndiaidh an nochta breise, d'aontaigh an t-allmhaireoir SC Poarta Albe Fittings Industry le cinntí an Choimisiúin.
- (162) I ndiaidh an nochta breise, cháin na hiarratasóirí an Coimisiún as glacadh le hiarraidh Metpro UK ar dhíolúine dá n-allmhairí isteach san Aontas i gcás comhchumair chiorclacha neamhshnáithithe d'iarann intuargainte gan claibín orthu.
- (163) De réir na n-iarratasóirí, níorbh fhéidir féachaint ar Metpro UK mar pháirtí leasmhar san imscrúdú sin toisc nár chláraigh sé go foirmeáilte mar pháirtí leasmhar agus nár léirigh Metpro UK gur allmhairigh sé táirge lena mbaineann san Aontas ná gur tháirg sé an táirge sin laistigh den Aontas. Thairis sin, líomhnaigh na hiarratasóirí gur chuir Metpro UK a iarratas le clárú mar pháirtí leasmhar isteach ró-dhéanach.
- (164) Chinn an Coimisiún go raibh Metpro UK incháilithe mar allmhaireoir agus gur glacadh leis mar pháirtí leasmhar dá réir sin agus tugadh rochtain dó ar chomhad oscailte an imscrúdaithe, lena n-áirítear an Doiciméad Ginearálta um Nochtadh. Níl foirm oifigiúil clárúcháin de dhíth le bheith aitheanta mar pháirtí leasmhar. D'áitigh Metpro UK gur tháinig sé chun tosaigh a luaithe agus a d'fhoghlaím sé faoin imscrúdú. Dá bhrí sin, in ainneoin an sprioc-ama a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán tionscnaimh, ba cheart go mbeadh an chuideachta in ann a cheart cosanta a fheidhmiú, lena n-áirítear trí bharúlacha a thabhairt i ndáil leis na doiciméid nochta.
- (165) Chuir an Coimisiún in iúl do Metpro UK go raibh an sprioc-am chun foirm éilimh ar dhíolúine a chur isteach sáraithe cheana féin nuair a tháinig sé chun tosaigh. Chinn an Coimisiún, áfach, nár chuir eisiamh an táirge a bhí mar aon ábhar amháin san iarratas ó Metpro UK bac ar an imscrúdú agus go bhféadfaí é a mheas mar sin.

- (166) Ar aon nós, mar a mhínítear in aithris (97), ní raibh eisiamh an táirge arna allmhairí ag Metpro UK ag brath ar aon ghné a bhain le Metpro UK amháin ach go raibh sé ag brath ar an méid a chuimsítear agus nach gcuimsítear i raon feidhme na mbeart bunaidh. Toisc nach bhfuil comhchumair chiorclacha shnáithithe d'iarann intuargainte gan claibín orthu clúdaithe faoi na bearta bunaidh, ní féidir comhchumair chiorclacha shnáithithe d'iarann intuargainte gan claibín orthu teacht faoi leathnú na mbeart sin.
- (167) D'áitigh na hiarratasóirí arís go bhfuil Metpro UK páirteach i gcleachtais imchéimnithe, ach níor thug siad aon fhianaise i ndáil leis agus, mar sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.
- (168) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. An dleacht chinntitheach frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1890 ar allmhairí feisteas feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifite sféaróidí, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 7307 19 10 (cód TARIC 7307 19 10 10 agus 7307 19 10 20) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne iad, leathnaítear an dleacht sin chun go gcumhdófar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin neamhshnáithithe d'iarann teilgthe intuargainte a aicmítear faoi láthair faoi chóid TARIC 7307 19 10 35 agus 7307 19 10 45 agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.
2. Ní chuimsíonn an leathnú i mír 1 allmhairí comhchumar ciorclach neamhshnáithithe d'iarann intuargainte gan claibín orthu.
3. Ní chuimsíonn an leathnú i mír 1 allmhairí feisteas teilgthe feadáin nó píobáin neamhshnáithithe d'iarann intuargainte, a aicmítear faoi láthair chóid TARIC 7307 19 10 35 agus 7307 19 10 45 agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, arna n-allmhairiú ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Cód breise TARIC
Erata Impex srl	88AT
AGAFlex sp zoo	88AU
S. C. Poarta Alba Fittings Industry srl	88AV
Odlewnia Zawiercie SA	88AW

4. Is í an dleacht a leathnaítear an dleacht frithdhumpála 57,8 % is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne' (cód breise TARIC B999).
5. Baileofar an dleacht a leathnaítear le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo ar allmhairí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna gclárú i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1448, cé is moite de na hallmhairí sin arna n-allmhairiú ag na cuideachtaí a liostaítear i mír 1 agus cé is moite d'allmhairí comhchumar ciorclach snáithithe d'iarann intuargainte gan claibín orthu.
6. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1448, ar clárú é a aisghairtear leis seo.

Airteagal 3

Diúltaítear don iarraidh ar dhíolúine a chuir Jianzhi Technology srl isteach.

Airteagal 4

Maidir le hallmhairí atá díolmhaithe ón dleacht leathnaithe faoi Airteagal 1, úsáidfead iad in oibríochtaí bailchríochnaithe an pháirtí dhíolmhaithe, nó déanfar iad a scrios nó a ath-onnmhairiú. I gcás ina sárófar an fhoráil sin, déanfar an díolúine a chúlghairm i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2016/1036.

Airteagal 5

1. Allmhairí faoi na cóid TARIC 7307 19 10 35 agus 7307 19 10 45, nó aon chód chomhfhreagrach a bheidh ann amach anseo, ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, beidh siad faoi réir faireachais i gcomhréir le hAirteagal 56(5) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁷⁾ d'fhonn ligean don Choimisiún treochtaí staitistiúla na n-allmhairí a leanúint chun faireachas iomlán ar na díolúintí deonaithe in Airteagal 1(1) a dheimhniú.

2. Má dhéanann na cuideachtaí, a thairbhíonn den díolúine, méid a n-allmhairí faoi na cóid TARIC 7307 19 10 35 agus 7307 19 10 45 nó aon chód comhfhreagrach amach anseo a mhéadú go suntasach, ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, agus léirítear go céim leordhóthanach go bhfuil an méadú sin nasctha le teacht timpeall de réir bhrí Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/1036, déanfaidh an Coimisiún imscrúdú a thionscnamh faoi Airteagal 13(3) den Rialachán sin.

3. Déanfar na bearta faireachais a tugadh isteach le mír 1 a scor nuair a thiocfaidh deireadh leis an dleacht frithdhumpála ar allmhairí feisteas feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifite sféaróidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne, nó nuair a théann an dleacht in éag.

Airteagal 6

Iarrataí ar dhíolúine ón dleacht a leathnaítear le hAirteagal 1, déanfar i scríbhinn iad i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus ní mór do dhuine na hiarrataí a shíniú, arb é sin an duine atá údaraithe le hionadaíocht a dhéanamh ar an eintiteas atá ag iarraidh na díolúine. Ní mór iarraidh den sórt sin a chur chuig an seoladh seo a leanas:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Trade and Economic Security
Directorate G
Oifig: CHAR 04/39
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

trade-defence-complaints@ec.europa.eu

Airteagal 7

Leasófar an tuairisc ar chód TARIC 7307 19 10 15 chun na focail 'comhchumair chiorclacha shnáithithe d'iarann intuargainte gan claibín orthu' a bhaint toisc go n-aicmítear na táirgí sin faoi chód TARIC 7307 19 10 05 cheana féin.

⁽²⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj>).

Airteagal 8

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN